

An Léann Ceilteach ag síneadh amach don phobal:*Bunsmaoineamh agus imeachtaí an SKSK*

A dhaoine uaisle, a chairde, agus a chairde na Gaeilge go háirithe, sa leathuair atá ceadaithe dom anseo, ba mhaith liom foras a chur in aithne dhaoibh a shílím a thairneos spéis lucht foghlama na Gaeilge ar an mórroinn, nó go deimhin lucht cothaithe agus riaracháin na Gaeilge in Éirinn. Glacaim buíochas le Mharcus Metz agus le Glór na nGael as an ócáid seo a chur ar bun ar bhealach chomh hiontach seo.

1 SKSK agus an Léann Ceilteach

Beidh mé ag cur síos mar sin ar an *Studienhaus für Keltische Sprachen und Kulturen*, (nó SKSK go gairid) .i. Áras Staidéir na dTeangacha agus na gCultúr Ceilteacha – foras a cuireadh ar bun beagnach deich mbliana ó shin. Ba é príomhfheidhm na hoibre sin ná ceann de na hábhair staidéir is lú dhá bhfuil ar fáil sa tír seo, .i. an Léann Ceilteach, a oscailt amach don phobal fré chéile sa gcaoi go bhféadfadh daoine a mbeadh spéis acu i gnéithe áirithe den ábhar seo tuairisc agus teagasc a fháil nuair nach bhfuil teacht ar a leithéid acu i ngearr ná i bhfad ar fud na Gearmáine.

Is féidir argóint bhunúsach a dhéanamh ina aghaidh sin: cén chaoi a bhféadfaí spéis agus éileamh forleathan a chruthú i sain-ábhar iargúlta mar atá sa LC, agus foras fóinteach follasach a dhéanamh de ? Ar ndóigh, is ábhar stairiúil é an LC ón tús go dtí an lá seo, mar is é is mó a bhíos dá phlé ann ná litríocht agus stair na meánaoise, agus tá nasc láidir ann le teangeolaíocht Indeorpach, seandálaíocht, miteaseolaíocht, agus ar ndóigh scileanna speisialta i dtaobh atógáil, dátú agus míniú seanlámhscríbhinní. Ag an am céanna, agus tá sin fíor faoin tír seo chomh maith le Éire agus na tíortha „ceilteacha“ eile, níl an oiread céanna oibre le sonrú i measc lucht an LC a bhainfeadh leis na teangacha beo, cé gur léir do chuile dhuine go bhfuil na teangacha sin i gcontúirt a mbáite, agus go mba cheart dá réir tarraingt as an tobar eolais sin an fhad is atá sé ag sileadh an eolais sin, nó an fhad is atá an Ghaeilge agus na teangacha atá gaolta leis réasúnta beo agus bríomhar. Tá sin chomh fíor sa lá atá inniu ann agus a bhí sé céad bliain ó shin nuair a dúró an rud ceannann céanna agus atá mise a rá anseo.

Nuair a leag muid amach an SKSK bhí a fhios againn gur mó spéis a bheadh ag ár gcustaiméaraí sna teangacha beo ná ar na hábharacha stairiúla a bhaineas leis an LC fré chéile. Agus dá réir sin, is comhlánú nua-aoiseach é an SKSK don LC acadúil, nó stairiúil go háirithe. Tá an teorainn neamhchruinn, mar is ceart, agus dá réir sin, tá comhar ann in áit coimhlint.

Seo daoibh anois na cuspóirí a shocraigh muid don SKSK:

- teagasc teangacha ceilteacha na linne seo, mar atá Gaeilge na hÉireann agus na hAlban, Breatnais, agus Briotáinis, agus bunsraith iontaobhaithe ann ó thaobh na teangeolaíochta de chomh maith le cúrsaí oideachais agus teagaisc;
- lárionad eolais agus fiosrucháin a chruthú faoi na teangacha seo agus faoina dtimpeallacht cultúrtha, sóisialta agus polaitiúil;
- staidéar agus taighde a spreagadh agus a dhéanamh ar na hábharacha seo.

2 An margadh

Tríd is tríd, tá na cúrsaí teangan breá staidéarach agus cothrom ó tosaíodh dhá dtairiscint síos go dtí an lá seo, sa gcaoi gur éirigh linn an príomhghnaithe sin a choinneáil ar siúl ar feadh an ama. Bíonn triúr suas le dháréag dálaí sna ranganna, daoine fásta den chuid is mó thar deich mbliana fichid. Tá réimse leathan gairmeacha ann, agus bíonn tuiscint thar an gcoitianta acu ar chúrsaí teangan. Is minic go bhfuil nasc pearsanta acu leis an tír atá i gceist, pé ar bith cén chaoi a d'fhás sé, agus mothaíonn siad gur mhaith an eochair a bheadh sa teanga chun tuiscint níos foirsne agus níos doimhne a shroichint ar chultúr na hÉireann, na hAlban, na Breataine Bige nó na Briotáine.

Is dream faoi leith iad daoine a d'fhág Éire agus a chaill an Ghaeilge a bhíodh ar eolas acu ina n-óige; ní hannamh gur athraigh gráin go grá in aigne na ndaoine fásta seo. Tagann 'bailitheoirí teangacha' isteach anois is arís ar lorg eolais nach bhfuil le fáil go héasca as foinsí eile, cé gur iondúil go mbailíonn siad leo arís chomh luath is atá siad sásta leis an méid a fuair siad amach, mar ní bhíonn sé i gceist acu an teanga a fhoghlaim i ndáiríre.

Tá 10 n-ollscoil suite faoi 100km timpeall orainn, agus bheifeá ag súil le cuid mhaith micléinn le haghaidh teangeolaíocht, Béarla nó Fraincís ag tarraingt orainn – ach ní thagann mórán acu go dtí an SKSK. Is é is dóiche go bhfuil an iomarca brú oibre orthu cheana féin, agus easpa airgid rómhinic freisin.

Tá an SKSK dírithe ar an nGearmáin ina iomláine, ach tá sé ag luí le réasún gur istigh i limistéar níos cuinge atá formhór na gcustaiméirí lonnaithe, .i. i dTír na Réine gar go maith dúinn, go háirithe i gcás na ranganna oíche, ar ndóigh. An té a bhfuil suim aige i bhfoghlaim na Gaeilge m.sh., beidh sé i sáinn ag déanamh amach tairiscint iontaobhaithe ina thimpeallacht féin. Corr-uair, chuirfeadh *Volkshochschule* éigin Gaeilge ar an gclár, nó go deimhin, mar eisceacht shuntasach dreamanna mar DIGRM anseo i bhFrankfurt, ach tríd is tríd níl mórán le fáil. Caithfear a rá freisin nach léir cén caighdeán teagaisc a bheadh a baint leis na himeachtaí fánacha sin.

Sí an Ghaeilge an teanga is mó a bhfuil éileamh uirthi i measc na cheithre cinn atá ar chlár an SKSK, go háirithe i gcaitheamh na chúig bhlianta tosaigh. Tá Gaeilge na hAlban ar an dara háit, agus an péire Briotánach níos foide siar sna figiúirí, an Bhriotáinis go háirithe ag bun an dréimire, go díreach mar atá sé sa mbaile.

Níl mé ag áibhéal má dheirim anseo go dtéann formhór na ndáltaí abhaile lántsásta, mar is minic freisin go dtagann siad ar ais arís agus arís eile. Fuair an SKSK roinnt mhaith moladh agus aitheantas sna meáin cumarsáide freisin, agus bítear ag déanamh iontas ann gur féidir foras den chineál seo a choinneáil ag imeacht ar chor ar bith.

3 Gnéithe riaracháin

Rinne muid comhairle na Roinne Oideachais an Tríú Leibhéil (Düsseldorf), a bhí ceangailte le deontas breá tosaithe, sa méid gur nasc muid an SKSK le Ollscoil Bonn; agus tá sé ina roinn sheachtrach de Roinn na Teangeolaíochta (nó Roinn an Bhéarla le gairid) den ollscoil cháiliúil sin, i bhfoisceacht 10 km uainn. Tá an nasc sin tábhachtach freisin sa méid gur ann atá lárionaid an LC is mó a bhfuil cáil air sa tír seo (agus níl mórán acu ann !), agus dlúthcheangal traidisiúnta le LC na hÉireann san áireamh. Ag breathnú air ón taobh eile de, fuair an institiúid sin brainse speisialta (!) na nuatheangacha, atá ag breathnú amach don phobal fré chéile.

Mar sin féin, ní raibh sé i gceist postaí nua a chruthú don SKSK, níorbh fhiú an páipéar iarratas ar bith. Ina áit sin, is é atá freagarthach as cúrsaí riaracháin agus airgeadais na scoile ná cumann neamhspleách, cláraithe mar chumann carthanachta, a bhfuil cheithre fichid baill ann sa nGearmáin agus thar lear, agus seachtar tofa le feidhmniú ar an mbord stiúrtha. Tá an obair ar fad déanta go deonach mar sin, cés moite de chléireach páirtaimseartha, agus roinnt oibre a déantar san institiúid láir ar son leabharlainne an SKSK.

Is féidir le duine ar bith a thuigeas tábhacht na hoibre seo ballraíocht a ghlacadh sa gcumann tacaíochta, ar chostas € 50 in aghaidh m bliana. Is é an cumann seo amháin atá freagarthach as cúrsaí airgeadais agus poiblíochta an SKSK, agus is ceann de dhualgaisí an chumainn é airgead a sholáthar ó pé ar bith foinse – rud nach éasca a chur i grích i gcás ábhair imeallach, gan mórán toradh ó thaobh eacnamaíochta de mar atá i staidéar na dteangacha Ceilteacha.

4 Gnéithe airgid

Sna blianta tosaigh, chuidigh deontas ó Rialtas na hÉireann go mór linn, a bhí ag brath ar a mhacasamhail de dheontas ó cheann ar bith de na tíortha eile. D'éirigh linn an comhghaoiniú riachtanach sin a fháil ó Albain. Bhí muid in ann mar sin an scoil a chur ar bun i dteach breá feiliúnach agus fairsing: bhí dhá sheomra teagaisc ann, leabharlann, oifig, agus halla le haghaidh léachtaí, oícheanta ceoil, agus cruinnithe éagsúla. Bhí árasán ann freisin le haghaidh cuairteoirí (lucht taighde nó lucht teagaisc ó i bhfad), agus ar ndóigh cisteanach. Tháinig an tAire Éamon Ó Cuív anall i Mí na Nollag 1999, díreach coicís roimh thús na mílaoise nua, leis an áras a oscailt go hoifigiúil.

Thaitnigh an teach ársa álainn seo le chuile dhuine a tháinig ar cuairt ann, ag foghlaim, ag obair, ag éisteacht, nó ag tógáil a scíth amuigh sa ngáirdín dathúil

is síochánta. Ach nuair a stopadh deontas na hAlban, mar gheall ar athrú éigin sa rialtas ann, agus nuair a bhí deontas na hÉireann i gcontúirt dhá réir, b'éigean dúinn bogadh ar aghaidh go háitín beag simplithe gar don tseanáras. Mar theip orainn macasamhail deontais na hAlban a sholáthar ó aon údarás eile. Sa mBreatain Bheag, ní híoctar pinginn rua ar an teanga taobh amuigh den tír, mar a dúradh linn go mion is go minic. Agus maidir le údarás Tuaiscirt na hÉireann, cuireadh an ruaig air díreach ag an bpointe criticiúil, nuair a glacadh leis an iarratas comhghaonithe a phléigh mé féin le daoine mór-le-rá i Stormont.

Le scéal fada a dhéanamh gearr: shábháil Ciste na Gaeilge muid, mar níl sé ag brath ar chomhghaoiniú ó thíortha eile. Tá muid beo bríomhar dhá bharr, agus tá an SKSK i bhfeidhm mar a bhí sé ón tús. Cé nach bhfuil an spás, an fhoirsneacht ná an t-atmasfaer céanna ann le roinnt blianta anuas.

5 Gníomhaíocht agus imeachtaí

5.1 Mar is léir ón méid adúirt mé cheana, is iad cúrsaí teangan do gach céim príomhchuspóir an SKSK. Tugann muid ranganna deiridh seachtaine go rialta is go minic (10 uair teagaisc ar feadh dhá lá), agus ranganna oíche (2 uair teagaisc ar feadh 10 seachtainí). Thairg muid cúrsaí seachtaine nó coicíse freisin, ach is deacair iad a chur ar bun. Go deimhin, molann muid dianchúrsaí thar lear ina áit, agus is léir as sin nach ag coimhlint atá muid le forais mar Oideas Gael, Gael Linn, Oideas Gael 7rl, ach a mhalairt, .i. comhlánú nó deis ullmhúcháin do na scoileanna éagsúla sna tíortha ceilteacha.

Maidir leis na múinteoirí, tá na cáilíochtaí seo leanas riachtanach le haghaidh a bheith ag obair don SKSK: (a) cumas cainteora dúchais, nó gar go maith dhó, (b) scileanna agus cleachtadh maith teagaisc, (c) tuiscint ar acmhainn agus iarratas gach dream dáldaí, go háirithe cothromaíocht fheiliúnach a thoghadh idir cumarsáid agus teoiric (gramadach). Íoctar na múinteoirí as táillí na gcúrsaí, rud a chiallaíos go dteastaíonn triúr ar a laghad le easnamh airgid a sheachaint.

Go hiondúil bíonn na ranganna ar siúl i seomraí an SKSK, ach tá áiteacha eile i gceist anois is arís, go háirithe nuair atá líon mór dáldaí in áit éigin i bhfad uainn. M.sh. cúpla seachtain ó shin chuir muid múinteoir go coláiste áirithe in oirthear na Gearmáine le bunsraith na Gaeilge a mhúineadh do dheichniúr mac léinn is fiche ar feadh trí lá. Nó fuair muid iarratas ó scoil áitiúil anuraidh chun Gaeilge a mhúineadh do roinnt scoláirí ar feadh téarma iomlán.

5.2 I dteannta leis na cúrsaí teangan seo, thairg muid ranganna le haghaidh gléasanna ceoil mar chláirseach, feadóg, bodhrán agus píopaí uileann, chomh maith le amhránaíocht ar an seannós, faoi stiúradh ceoltóirí cáiliúla ón gceantar. Ní hannamh gur ghlac dáldaí teangan páirt sna ranganna ceoil seo. Cé go raibh na himeachtaí seo sásúil go maith b'éigean dúinn éirí astu go sealadach mar gheall ar dheacrachtaí riaracháin agus spáis.

5.3 Ba mhaith liom roinnt ócáidí eile a lua anseo a tharlaíos san SKSK, léachtaí agus ceolchoirmeacha go háirithe. Nuair nach bhfuil sé éasca an gnáthphobal a

mhealladh isteach san ollscoil ag éisteacht le léacht ó ollamh atá ar cuairt ó Éirinn m.sh., tá buntáiste anseo ag foras níos osclaithe mar an SKSK, agus is minic a chuir muid ábhair spéisiúla os comhair lucht neamhacadúil, ábhair ar ndóigh nach mbeadh le fáil in áit phoiblí eile ach go fíorannamh. Síneann réimse na léachtaí seo ó mhiotaiseolaíocht go dtí polaitíocht sa gcaoi go bhfuil gnéithe cultúrtha éagsúla clúdaithe taobh amuigh de na teangacha féin.

Soláthraíodh oícheanta litríochta freisin, agus na húdair féin ag léamh. I measc na n-ócáidí is deireanaí is fiú Tim Robinson a shonrú a bhí ag cur síos ar ghnéithe stairiúla agus fealsúnacha na logainmneacha, agus oíche le filíocht W.B.Yeats i dtrí theanga (Béarla, Gearmáinis agus Gaeilge), chomh maith le amhránaíocht neamhchoitianta nua-aimseartha bunaithe ar chuid de na dánta sin.

Maidir leis an gceol féin, bíonn ócáidí spéisiúla ann anois is arís, agus go hiondúil baintear sásamh astu, mar is léir freisin ó thuarascáil sna páipéir. Arís tá an réimse leathan go maith: thug an t-amhránaí Iarla Ó Lionaird ó Mhúscraí samplaí iontacha dá chuid ealaín dúinn amuigh faoin spéir roinnt blianta ó shin, agus táthar ag caint fós air. Rinne muid an-obair ag cur sraith cheolchuirmeacha ar bun a thug thrí thrí chéad bliain de cheol ,clasaiceach’ na hÉireann muid, cuid de na píosaí nár cloiseadh ariamh cheana sa tír seo. Arís, tá muid ag dul i bhfad thar teorainn scoil teangacha le himeachtaí den tsórt sin, ag iarraidh gné ar bith de chultúr na tíortha ceilteacha a chlúdú – ábhair go háirithe nach mbaineann leis an bpeictiúr coitianta *cliché-úil* atá nasctha le Éire nó leis na Ceiltigh fré chéile.

Shílfeá nach féidir le dream beag atá ag obair saor in aisce comhdháil acadúil a chur ar bun agus a chur i gcrích; ach bhí péire ann go dtí seo. Tháinig roinnt saineolaithe le chéile i 2000 i gKönigswinter ag plé ceisteanna agus fadhbanna a bhaineas le aistriúchán litríochta (sean agus nua) ó Ghaeilge nó Breatnais go teangacha na mórrinne, gnéithe teangeolaíochta, litríochta, aistriúcháin, léitheoireachta agus foilseacháin san áireamh. Rinne muid imleabhar I dár sraith foilseacháin féin as páipéirí na comhdhála sin.

An chéad chruinniú eile, bhain sé le ceisteanna teagaisc na dteangacha ceilteacha taobh amuigh dá límistéir féin, ábhar ar ndóigh atá tábhachtach go maith i dteach mar an SKSK. I measc torthaí na hócáide sin tá coincheap agus leagan amach bunúsach de leabhartha staidéir le haghaidh daoine nach bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu, cosúil le bunáite dántaí an SKSK.

Tá foilseacháin eile le teacht, ceann acu i gcló: bailiúchán seanchais as Conamara a bheas sa dara himleabhar, eagrán dátheangach (Gaeilge/Germáinis) agus dlúthcheirnín ag dul leis. Ábhar nár foilsíodh cheana don chuid is mó atá ann, díreach mar a tháinig sé as béal deachainteoirí 50 bliain ó shin. Beidh sé le fáil go luath sa samhradh seo.

5.4 Tá timpeall’s 1250 imleabhar cruinnithe i leabharlann an SKSK, agus is féidir a rá go bhfuil chuile ghné na Gaeilge, na Breatnais 7rl. le sonrú ann. Tá béim láidir ar na nuatheangacha, ar ndóigh, agus is dóigh gob é seo an bailiúchán is foirsne dhá shórt sa tír seo. Deontais pearsanta, nó iasachtaí seasta

atá ann don chuid is mó, cés moite de mhéid áirithe a cheannaigh muid féin. Tá an catalóg ar fáil trí leathanaigh leictreonacha Leabharlann Ollscoil Bonn. Is féidir úsáid a bhaint as an leabharlann inár dteach ag amanna rialta, ach tá cead iasachta teoranta do bhaill an chumainn. – I dteannta leis na leabhartha, tá bailiúchán spéisiúil ábhair thaifeadta agus fístéipeanna ann, ábhar atá fiúntach freisin sna ranganna teangan.

5.5 Thríd an idirlíon, tagann isteach iarrataisí agus ceisteanna i dtaobh rudaí a bhaineas leis an obair seo againne, fadhbanna beaga is móra, nó amanta seafóid amach is amach. Seo roinnt samplaí ón dá mhí seo caite:

„An bhfuil a fhios agaibh duine nó dream ar bith a mhúinfeadh Gaeilge dom i Nürnberg ?“

„An measann sibh gur ceilteach é an píosa seo: RUNA GAN MOTIL PACH SENTO – agus más ea, cén ciall atá leis ?“

„Tá mé i ngrá le bean in Éirinn agus teastaíonn uaim í a phósadh. Ach ba mhaith liom a dhéanamh as Gaeilge, cé nach bhfuil an teanga sin ar eolas agam. An aistreofa an dán seo dom a chum mé di ?“

„Creidim gur Ceiltigh a rinne na huaigheanna seo atá i ngar do mo bhaile. Cén chaoi a bhféadfaí é sin a chruthú ?“

Agus an ceann is déanaí:

„Chaith me roinnt blianta sa mBriotáin ag obair mar bhitheolaí mara, agus d’fhoghlaim mé an Bhriotáinis i gcaitheamh an ama seo. [...] Beidh mé ag filleadh ar an nGearmáin ar ball agus má tá sibh ar lorg múinteoir Briotáinise bheinn sásta ...“

6 Amharc ar an am atá le theacht

Cé ná raibh easpa rabhaidh agus bagairt ann i gcaitheamh na mblianta, is féidir a rá anois go raibh toradh maith ar an obair chrua a bhain le ullmhú agus riarú an SKSK. Ní tairbhe (nó brabach) atá i gceist anseo le ‘toradh’ ach a bheith lonnaithe, socraithe, aithinte – in aghaidh an tsrutha amanta, ach i bhfabhar daoine atá scaipthe ar fud na tíre go dtí an lá seo. Agus mar adúirt seanbhean Albanach éigin nuair a chuala sí scéal an SKSK: „Má tá siad ag foghlaim Gaeilge sa nGearmáin anois, beidh muid féin ceart go leor.“ Tá súil agam go mbeidh.

Labhair mé ar dheacrachtaí, agus tá siad ann i gcónaí. Sa gcaoi go mbeadh tuilleadh brí agus éifeacht ag an SKSK ná mar is féidir a bheith ann faoi láthair, chaithfeadh na ceisteanna seo a bheith réitithe:

- Cén chaoi a leanfaidh muid ar aghaidh nuair bheas deireadh le Ciste na Gaeilge (atá teoranta go trí bliana) ?
- Cén chaoi a bhfuighidh muid tacaíocht ó na tíortha spleácha (Alba, BB, Br) ?
- Cén chaoi a dtiocfadh fás ar líon na ballraíochta, agus cén chaoi lena spreagadh chun gníomhacht ?

Má tá freagraí dearfa le fáil ar na ceisteanna seo, b'fhéidir go n-éireodh linn an dá riachtanas is mó a shocrú atá orainn le tamall:

- post lánaimseartha nó dhó a chruthú le haghaidh stiúrthóir acadúil agus stiúrthóir riaracháin don SKSK;
- Aistriú go háit níos foirsne agus níos taitneamhaí ná an t-árasán atá againn faoi láthair.

Focal scoir:

Ní *celtomaniacs* muid. Tá muid chomh fuarintinneach agus nár mhiste linn a shéanadh go raibh a leithéid agus *Náisiún Ceilteach* ann ariamh, sa tseanaimsir chomh maith leis an lá atá inniu ann. Níl muid ach ag tabhairt ár n-aghaidh go grinn ar chuid áirithe de Iarthar na hEorpa, ó thaobh teanga agus staire de, agus sin i gcomhthéacs leathan cultúir, sochaí agus polaitíochta.

Dhá mbeadh tír nó teanga amháin mar réimse againn in áit cheithre cinn, chungódh sé sin cumas an fhorais ar bhealach contúirteach. Ach arís, dhá dtabharfaí cuireadh dhúinn feidhmniú mar Institiúid Chultúrtha na hÉireann thar lear, Gaelach, Gallach nó GallGhaelach, dhéanfadh muid machnamh air go cinnte. Ach ba mhaith linn ina dhiaidh sin féin Breathnais a mhúineadh, agus Gaeilge na hAlban. Agus an Bhriotáinis bhocht chomh maith, agus go háirithe.

Dr. Arndt Wigger,

léacht ag Gaeltacht Europe, Frankfurt, 16ú Meith. 2007